Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14168/23**

**LIMITE**

**COPS 485**
**CFSP/PESC 1393**
**CIVCOM 245**
**CSDP/PSDC 704**
**RELEX 1180**
**JAI 1310**
**PSC DEC 48**
**MOG 138**
**EUBAM RAFAH 12**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an ...**

**lena gceaptar Ceann Misin Mhisean**
**Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah**
**(EU BAM Rafah)**
**(EU BAM Rafah/2/2023)**

PUBLIC

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah)[1], agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 327, 14.12.2005, lch. 28.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh d'fhonn rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 28 Meitheamh 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1350[1], lena gcuirtear síneadh le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

(3) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1303[2], lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(4) An 18 Deireadh Fómhair 2023, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Nataliya APOSTOLOVA a cheapadh mar Cheann Misin EU BAM Rafah,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1350 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meitheamh 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2023) (IO L 168, 3.7.2023, lch. 43).

[2] Cinneadh (CBES) 2023/1303 an 26 Meitheamh 2023 ón gComhairle lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 161, 27.6.2023, lch. 64).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ón 1 Samhain 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 25 Deireadh Fómhair 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

PUBLIC